# athrú

## Ag Ardú Daoine, ag Glacadh leis an Éagsúlacht



Coimisiún na Meán

# Clár Ábhar


| | | |
|---|---|---|
| 1. | Teachtaireacht Ón Urraitheoir Feidhmiúcháin | 2 |
| 2. | Formhuiniú Ó Ghrúpa Comhairleach Na Straitéise I Leith Daoine | 4 |
| 3. | Formhuiniú Ón Bhfóram Care | 6 |
| 4. | Réamhrá Ón Stiúrthóir Ar Fhorbairt Daoine Agus Eagraíochta | 8 |
| 5. | Achoimre Fheidhmeach | 10 |
| 6. | Coimisiún na Meán – Ár Scéal Go Dtí Seo | 15 |
| 7. | Ailíniú Leis An Straitéis Um Chlaochlú Na Seirbhíse Poiblí 2030 | 22 |
| 8. | Rannpháirteachas Na Bpáirtithe Leasmhara | 24 |
| 9. | An Creat 3 Bliana Maidir Leis An Straitéis I Leith Daoine | 27 |
| 10. | Tosaíochtaí Na Straitéise I Leith Daoine | 32 |

# 1. Teachtaireacht Ón Urraitheoir Feidhmiúcháin

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an bhfoireann FDE agus le Grúpa Comhairleach na Straitéise i leith Daoine as an obair iontach a rinne siad ar fhorbairt na Straitéise seo i leith Daoine. Tá Athrú tráthúil, agus léiríonn sé na dúshláin ar leith atá roimh Coimisiún na Meán, ag tabhairt aghaidh ar athrú mór eagraíochtúil agus earnálach.

Tá Athrú á sheoladh againn mar aon lenár Ráiteas Straitéise nua agus Plean Oibre 2025, chun a léiriú gurb iad saineolas agus tiomantas fhoireann Coimisiún na Meán an cúinse ratha is tábhachtaí chun ár straitéis a sheachadadh.

Tá an cúigear Coimisinéirí go hiomlán tiomanta d'Athrú a sheachadadh, a léiríonn ár dtiomantas d'infheistíocht a dhéanamh i dtallann agus i gcumas fhoireann Coimisiún na Meán; ag earcú, ag forbairt, agus ag cumasú an dreama s'againne ionas go n-éireoidh go geal linn uilig san eagraíocht. Soláthrófar agus cothófar ceannaireacht straitéiseach, ionas gur féidir lenár bhfoirne a bheith bródúil as an tionchar dearfach atá acu ar na torthaí straitéiseacha. Tacófar freisin leis an bhfoireann FDE seirbhísí gairmiúla i leith daoine a sheachadadh i gcónaí.

Mar aon le seachadadh na straitéise seo i leith daoine, táimid ag éisteacht leis an aiseolas ónár iniúchadh cultúir agus ag obair ar roinnt dár gcórais agus dár bpróisis a dhéanamh níos éifeachtaí ionas gur féidir le daoine a bpoist a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtaí. Mar cheannairí, tarmligfimid níos mó cinntí, soiléireoimid próisis chinnteoireachta agus tacóimid lenár bhfoirne cumasacha ár gclár gnó claochlaitheach a sheachadadh.

Cuirimid fáilte roimh an mbéim a leagtar sa Straitéis i leith Daoine ar luachanna Coimisiún na Meán, atá le feiceáil in iompar ár bhfoirne ar bhonn laethúil. Cinnteoimid go dtugaimid aitheantas dó sin, go leabaítear cultúr dearfach agus, i gcomhthéacs na Straitéise i leith Daoine a sheachadadh, cinnteoimid go ndéanann "Dírithe ar Dhaoine" fíordhifríocht dár bhfoirne.

Fáiltímid freisin roimh an mbéim ar CÉI, atá níos tábhachtaí ná riamh dár gcuid oibre agus do mhúnla cinnteoireachta an Choimisiúin chomh maith. Neartaítear an eagraíocht go mór a bhuí leis an éagsúlacht sna foirne. Ba mhaith linn a chinntiú go mbíonn taithí dhearfach ag gach duine linn in Coimisiún na Meán – beidh ról mór ag Athrú maidir leis sin a chinntiú.

**Jeremy Godfrey** **Aoife MacEvilly** **Rónán Ó Domhnaill**

**John Evans** **Niamh Hodnett**



**L-R**: Rónán Ó Domhnaill (Coimisinéir Forbartha na Meán), Niamh Hodnett (Coimisinéir Sábháilteachta ar Líne), Jeremy Godfrey (Cathaoirleach Feidhmiúcháin), Aoife MacEvilly (Coimisinéir Craolacháin agus Físeáin ar Éileamh), John Evans (Coimisinéir Seirbhísí Digiteacha).

# 2. Formhuiniú Ó Ghrúpa Comhairleach Na Straitéise I Leith Daoine

Tá rath ár n eagraíochta ag brath ar thallann, tiomantas agus fuinneamh ár muintire. Mar chomhaltaí de Ghrúpa Comhairleach na Straitéise i leith Daoine, is údar bróid dúinn é gur rannchuidíomar le forbairt na chéad Straitéise i leith na Daoine de chuid Choimisiún na Meán. Céim shuntasach chun cinn atá sa doiciméad seo maidir le cultúr san ionad oibre, atá dearfach agus lena n imrítear tionchar, a mhúnlú anseo ag an gCoimisiún.

Tá níos mó i gceist leis an straitéis seo ná sraith spriocanna agus cuspóirí; gealltanas dár muintir atá inti, agus is gá dúinn uile a bheith tiomanta do bheocht a chur inti inár gcuid oibre laethúla. Trí thosaíocht a thabhairt do thallann, ceannaireacht, cultúr agus seirbhísí AD gairmiúla, féachaimid le timpeallacht oibre eisceachtúil a chruthú ina mothaíonn gach duine go bhfuil meas air nó uirthi, go bhfuil sé nó sí cumhachtaithe agus spreagtha. Leis an straitéis seo, soláthrófar deiseanna freisin don fhoireann chun scileanna a fhorbairt, muinín a chruthú chun bealaí nua oibre a thriail, smaointe a nochtadh agus oibriú ar thionscadail phaisin ar bhealach trasroinne.

Tríd an straitéis seo a ailíniú lenár gcuid croíluachanna – Dírithe ar Dhaoine, Ionracas, Tionchar, Iontaoibh, Neamhspleáchas agus Misneach – treisítear ár ndíograis chun eagraíocht ardfheidhmíochta a thógáil. Creidimid go bhfuil infheistíocht á déanamh againn i dtodhchaí Choimisiún na Meán ach infheistíocht a dhéanamh inár muintir.

Baineann an straitéis seo linn uile, agus lenár gcuid oibre uile gach aon lá. Már cheannairí sinsearacha, táimid tiomanta do chur chun feidhme rathúil na straitéise agus tugaimid gealltanas go dtabharfaimid ceannaireacht le dea shampla, ach tá ról le himirt ag gach duine ag Coimisiún na Meán. Táimid ag tnúth le hoibriú le chéile libh go léir chun an straitéis seo a chur chun feidhme agus barr a cumais a bhaint amach dúinn uile mar dhaoine aonair, agus dár n eagraíocht, agus, dá réir sin, do thírdhreach na meán tríd is tríd.




**Ar chlé:** Bríd Munnelly, Agata Senkara, Michelle Coughlan

**Ionad:** Declan McLoughlin

**Ceart:** Tiernan Kenny, Angela McCourt, Katie Mulroy, Andrew Byrne

**Ar iarraidh ón bpictiúr:** Rafaela Knapper, Carmel Kearns

# 3. Formhuiniú Ón Bhfóram Care

Tá áthas ar an bhFóram CARE tacú leis an Straitéis nua i leith Daoine agus í a fhormhuiniú. Is príomhpháirtí leasmhar é an Fóram maidir le cur chun feidhme na Straitéise i leith Daoine a spreagadh, trí chur go gníomhach le forbairt agus treisiú chultúr an Choimisiúin. Tacaítear le guth an fhostaí laistigh den eagraíocht agus troidtear ar a shon. Cinntítear go bhfuil ardán ag na fostaithe chun smaointe nuálacha a roinnt agus a n-imní a chur in iúl, a chabhraíonn le polasaithe agus cleachtais a mhúnlú a thagann le luachanna agus spriocanna na heagraíochta.

Go háirithe, feictear don Fhóram féin gur féidir leis tionchar mór a bheith aige ar mhaoirseacht a dhéanamh agus ar thacú le seachadadh an iliomad gníomhartha atá leagtha amach sa Réimse Tosaíochta 'Cultúr & Luachanna' den straitéis nua. Anseo, tagann na gníomhartha agus na spriocanna go mór le hobair agus le húdarás an Fhóraim i réimsí lena n-áirítear folláine an fhostaí, aitheantas, CÉI agus caidrimh san áit oibre a chothú.

Anuas air sin, tá ról tábhachtach ag an bhFóram CARE ó thaobh cumarsáid shoiléir, thrédhearcach a choinneáil, le linn tréimhsí athraithe ó bhonn agus fáis, an éiginnteacht a laghdú agus an tseasmhacht a chur chun cinn i measc na bhfostaithe. Cuirtear bealaí le haghaidh aiseolais ar fáil leis, atá riachtanach chun tuiscint ar fáil ar riachtanais na bhfostaithe agus aghaidh a thabhairt orthu. Cabhraítear chun feasacht a thógáil ar mhisean, obair agus luachanna na heagraíochta leis an rannpháirteachas gníomhach seo, ag cinntiú go bhfuil gach duine ag tarraingt le spriocanna na heagraíochta. Leis na hiarrachtaí sin, cuirtear ar chumas an Fhóraim CARE cur go gníomhach le seachadadh rathúil na Straitéise Eagraíochtúla agus na Straitéise i leith Daoine araon.

Táthar ag súil go mór san Fhóram le bheith ag obair go dlúth i gcomhar le FDE agus leis an eagraíocht trí chéile, ionas go n-éireoidh leis an Straitéis nua i leith Daoine.



**Tosaigh ó chlé:** John Evans, Flore Bouhey Dwan, Roger Woods, Barbara O’Connor

**Meán ó chlé:** Aishling Buckley, Leanne Caufield, Calum Fabb, Dineo Mashego

**Ar ais ó chlé:** Radoslaw Kuberski, Alan O’Hare, Alison Macdonald.

**Ar iarraidh ón bpictiúr:** Elspeth Payne, Martina Mimnagh, Laura Forsythe, Colm Coyne and Ann Brennan

# 4. Réamhrá Ón Stiúrthóir Ar Fhorbairt Daoine Agus Eagraíochta

De réir mar a aistrímid isteach inár dtríú bliain, is údar bróid dom é Athrú a thabhairt isteach – ár gcéad straitéis i leith daoine – faoin mbratach "Ag Ardú Daoine, ag Glacadh leis an Éagsúlacht." Ní hamháin go bhfuil Athrú ina théama aontaitheach den straitéis seo ach is é atá mar bhunús ár dteacht chun cinn mar eagraíocht. Léirítear leis ár dtiomantas chun an bealach a oibrímid, a threoraímid agus a thacaímid lenár muintir a athrú ó bhonn, le linn a áirithiú go gcomhlíonaimid na luachanna lena sainítear muid: Iontaoibh, Tionchar, Neamhspleáchas, Misneach, Dírithe Ar Dhaoine, Agus Ionracas.

Tá an fheidhm a bhaineann le Forbairt Daoine agus Eagraíochta (FDE) i gcroílár an chlaochlaithe sin. Mar chaomhnóirí chultúr na heagraíochta, sainíonn FDE é féin mar chomhpháirtí straitéiseach de chuid na heagraíochta iomláine – a cuid ceannairí, fostaithe agus páirtithe leasmhara. Is é an misean atá againn a chumasú do Choimisiún na Meán a bheith faoi bhláth ach ionad oibre a chruthú ina bhfuil meas ar a mhuintir, ina gcothaítear timpeallacht dhearfach agus ionchuimsitheach agus ina bhfothaítear acmhainneacht chun a chuid cuspóirí a bhaint amach. Tá sé mar aidhm againn go mbreathnaítear orainn mar chomhairleoirí agus tathantóirí iontaofa fáis, cothroime agus comhoibrithe, agus é á áirithiú go bhfuil ár gcur chuige de chineál straitéiseach agus duinelárnach araon.

Ní raibh tábhacht níos mó leis an ról sin riamh. I gcomhthéacs an chlaochlaithe agus an fháis sciobtha – ag leathnú ó eagraíocht oidhreachta níos lú chuig comhlacht rialála le níos mó ná 200 fostaí – tá ríthábhacht le neart ár gcaidreamh le ceannairí sinsearacha, fostaithe agus páirtithe leasmhara seachtracha. Inár gcáil mar rialálaí meán nua agus gníomhaireacht forbartha meán nua na héireann, tá ár rath ag brath ar chultúr atá láidir a chothú, rud atá faoi stiúir luachanna lena gcumasaítear dúinn oiriúnú dár sainchúram fairsingíoch, a bheith nuálach i dtimpeallacht dhinimiciúil agus tacú lenár muintir chun sármhaitheas a bhaint amach.

Tá Athrú ina chumasóir ríthábhachtach de straitéis eagraíochtúil fhoriomlán Choimisiún na Meán. Trí Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht (CÉI) a leabú agus tríd an eispéireas fostaithe a fheabhsú i gcroílár ár gcuid oibre, leis an straitéis seo, áirithítear go léiríonn ár lucht saothair éire na linne seo agus go bhfuil sé ullmhaithe chun a bhealach a dhéanamh trí dhúshláin a bheidh ann amach anseo. Leis na colúin sin, imrítear tionchar ar gach a ndéanaimid – earcaíocht, ceannaireacht, cultúr agus seirbhísí gairmiúla do dhaoine – agus bunchloch á cruthú le haghaidh comhoibriú, nuálaíochta agus ionchuimsitheachta.

Is éard atá i gcroílár Athruithe fís chun leas a bhaint as cumas ár muintire. Tá sé mar aidhm againn foghlaim leanúnach a leabú inár gcuid oibre laethúla, agus féincheannaireacht á spreagadh agus uirlisí agus deiseanna le haghaidh fáis á soláthar againn. Leis an gcur chuige tomhaiste agus struchtúrtha sin, tógtar timpeallacht ina bhfuil folláine, forbairt gairme agus braistint cuspóra ina dtosaíochtaí lárnacha. Tríd sin, cothaímid cothromas, muintearas agus dul chun cinn – de chineál pearsanta agus eagraíochtúil araon – agus é á áirithiú go gcothaítear ár gcuid luachanna agus go ndaingnítear ár dtodhchaí.

Le chéile, trí Athrú, múnlóimid ionad oibre ina bhfuil meas ar gach ionchur, ina mbíonn daoine faoi rath agus ina neartaítear muid le haghaidh na ndúshlán atá amach romhainn.



**Michelle Coughlan,**
Feabhra 2025

# 5. Achoimre Fheidhmeach

Ag Coimisiún na Meán, tá ár muintir ar an tsócmhainn is luachmhaire atá againn, agus lenár Straitéis i leith Daoine, léirítear an gealltanas sin. Agus í fréamhaithe le prionsabail an Chomhionannais, na hÉagsúlachta agus na hIonchuimsitheachta (CÉI) agus fócas ar an Eispéireas Fostaithe a fheabhsú, tá an straitéis seo deartha chun tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a thógáil. Tá an dá phríomhspreagthach sin mar bhonn faoinár dtosaíochtaí straitéiseacha, agus é á áirithiú go mothaíonn gach fostaí go bhfuil meas air nó uirthi, go bhfuil sé nó sí cumhachtaithe agus go bhfuil sé nó sí ullmhaithe chun a dhícheall nó a dícheall a dhéanamh.

## Ár gCeithre Thosaíocht Straitéiseacha



### Tallann agus Cumas

"Ag Infheistiú i nDaoine agus i bhFoirnes"

Tá sé mar aidhm againn daoine aonair tréitheacha a mhealladh, a choinneáil agus a fhorbairt, daoine a léiríonn éagsúlacht na sochaí ar a bhfreastalaímid agus a ailíníonn lenár gcultúr. Ach eispéireas iarrthóirí agus fostaithe eisceachtúil a sholáthar, i dteannta tiomantas d'fhoghlaim leanúnach, áirithítear go dtógaimid lucht saothair atá in ann ár gcuspóirí a bhaint amach le linn cothromas agus ionchuimsitheacht a chothú.



### Ceannaireacht agus Athrú

"Ag Treorú in Éineacht a Chéile Trí Athrú"

Oibreoidh ár gcuid ceannairí ag gach leibhéal i gcomhar le chéile chun cuspóir comhroinnte a bhaint amach, agus cultúr cúraim, comhbhá agus nuálaíochta á chothú. Trí dhíriú ar cheannairí cumasacha agus ionchuimsitheacha a fhorbairt, cruthaitheacht a spreagadh trí thionscadail phaisin, agus glacadh le hathrú, ullmhaímid ár bhfoirne chun oiriúnú agus bheith rathúil i dtimpeallacht dhinimiciúil.

## An Fáth a bhFuil CÉI agus an tEispéireas Fostaithe Lárnach

Lenár dtiomantas do CÉI léirítear a uaillmhianaí atáimid lucht saothair a chruthú lena léirítear an tsochaí ar a bhfreastalaímid. Cothaíonn eagraíocht éagsúil agus ionchuimsitheach nuálaíocht, neartaíonn sí comhoibriú agus áirithíonn sí go ndéantar eolas do chinntí trí réimse leathan peirspictíochtaí. Idir an dá linn, tríd an Eispéireas Fostaithe a fheabhsú, áirithítear go mothaíonn na comhaltaí foirne uile go bhfuil siad nasctha lena gcuid oibre, go bhfuil meas ar a n ionchuir agus go dtacaítear leo ina bhfás gairmiúil.

## Ag Breathnú chun Tosaigh

Trí na tosaíochtaí straitéiseacha agus na spreagthaigh bhunúsacha sin, tá timpeallacht á cruthú ag Coimisiún na Meán ina bhfuil na fostaithe gníomhach, cumhachtaithe agus ailínithe lenár misean. Trí ionchuimsitheacht agus feabhsú leanúnach a fhí inár gcultúr, ní hamháin go bhfuil eagraíocht á tógáil againn ach pobal ina mbíonn gach duine faoi bhláth.

---

## Cultúr agus Luachanna

"Cultúr a bhfuil Measag Daoine air a Thógáil"

Tríd an sainmhíniú agus trínár gcroíluachanna a leabú, féachaimid le cultúr ionaid oibre atá tacúil agus nuálach a chothú. Tugaimid tosaíocht don tsláinte agus don fholláine, cosnaímid éagsúlacht agus ionchuimsitheacht, feabhsaímid glór an fhostaí agus féachaimid chuige go mbeidh aitheantas agus aiseolas mar chuid lárnach dár gcuid oibríochtaí. Trí na hiarrachtaí sin, áirithítear braistint muintearais agus ionchuimsitheachta do gach fostaí.

## Seirbhísí Gairmiúla do Dhaoine

"Straitéisbhunaithe, Dírithe ar Dhaoine"

Ailíneoidh ár seirbhísí AD go straitéiseach le tosaíochtaí eagraíochtúla, ag díriú ar fhreagrúlacht agus inniúlacht. Trí chinnteoireacht bunaithe ar shonraí a threisiú, caidrimh láidre a chothú agus próisis a bharrfheabhsú tríd an teicneolaíocht, beimid in ann riachtanais atá ag teacht chun cinn a chomhlíonadh. Leanaimid de bheith tiomanta do chleachtais inoiriúnaithe agus nuálacha a chruthú lena gcumhachtaítear ár lucht saothair agus lena bhfeabhsaítear éifeachtúlacht eagraíochtúil.

## Ailíniú na Straitéise i leith Daoine le Luachanna Choimisiún na Meán

Tá ár Straitéis i leith Daoine fréamhaithe go daingean i gcroíluachanna Choimisiún na Meán, lena múnlaítear gach gné dár gcur chuige i leith bainistíocht daoine agus forbairt eagraíochtúil. Fónann na luachanna sin – Dírithe ar Dhaoine, Ionracas, Tionchar, Iontaoibh, Neamhspleáchas agus Misneach – mar chompás dár straitéis, lena n áirithítear nach amháin go bhfuil ár gcuid tosaíochtaí ina léiriú ar na prionsabail sin ach go dtreisítear iad go gníomhach sa chleachtas. Trí na luachanna sin a leabú inár gcreat straitéiseach, cothaímid cultúr eagraíochtúil lena gcuirtear chun cinn ionchuimsitheacht, trédhearcacht agus nuálaíocht, fad a spreagtar an tionchar fiúntach a fhéachaimid lena bhaint amach mar rialálaí agus fostóir.

### Dírithe ar Dhaoine

Tá ár Straitéis i leith Daoine bunaithe ar an bprionsabal a bhaineann le tús áite a thabhairt do dhaoine. Ailíníonn an méid sin go díreach lenár luach Dírithe ar Dhaoine, lena gcuirtear béim ar an tábhacht a bhaineann le tacú lenár lucht saothair, lenár lucht saothair a fhorbairt agus le páirt a thabhairt dó. Leis an straitéis, tugtar tosaíocht do thallann a bhainistiú, forbairt ceannaireachta agus timpeallacht oibre thacúil chun a áirithiú go mothaíonn gach fostaí go bhfuil meas air nó uirthi agus go bhfuil sé nó sí cumhachtaithe. Ach infheistiú inár muintir, cruthaímid cultúr ina bhfuil fostaithe spreagtha chun rannchuidiú le rath Choimisiún na Meán.

### Ionracas

Tá an t ionracas lárnach inár gcuid cleachtas agus beartas AD uile. Leis an Straitéis i leith Daoine, seastar leis an luach sin trí thrédhearcacht, cothroime agus iompraíocht eiticiúil a chur chun cinn sna próisis uile a bhaineann le daoine, idir earcaíocht agus bainistíocht feidhmíochta agus forbairt ghairmiúil agus caidreamh fostaithe. Táimid tiomanta do thimpeallacht oibre a choinneáil ar bun ina bhfuil ionracas ina threoir ag cinnteoireacht agus idirghníomhaíochtaí, agus é á áirithiú go n ailíníonn ár gcuid gníomhaíochtaí lenár bhfocail agus go léirímid macántacht agus cuntasacht ar bhealach comhsheasmhach.

## Tionchar

Tá ár Straitéis i leith Daoine deartha chun uasmhéadú a dhéanamh ar thionchar ár lucht saothair ar bhaint amach mhisean Choimisiún na Meán. Trínár dtosaíochtaí i leith daoine a ailíniú leis na spriocanna eagraíochtúla níos leithne, áirithímid go bhfuil ionchuir ár bhfostaithe uile nasctha go díreach lenár rath mar rialálaí meán. Leis an straitéis, tacaítear le hardfheidhmíocht trí na huirlisí, trí na hacmhainní agus tríd an timpeallacht is gá a sholáthar dár muintir chun barr feabhais a bhaint amach agus ionchuir fhiúntacha a dhéanamh san eagraíocht agus sa tsochaí.

## Iontaoibh

Tá an iontaoibh mar bhunchloch na gcaidreamh a thógaimid laistigh dár n eagraíocht. Leis an Straitéis i leith Daoine, cothaítear cultúr iontaoibhe trí chumarsáid oscailte, comhoibriú agus meas frithpháirteach a chur chun cinn. Trí ionad oibre a chruthú ina mothaíonn fostaithe go gcuirtear iontaoibh iontu agus go bhfuil meas orthu, spreagaimid nuálaíocht, dul i riosca agus smaointe a chomhroinnt, a bhfuil gach ceann díobh sin ríthábhachtach le haghaidh eagraíocht dhinimiciúil agus fhadbhreathnaitheach cosúil le Coimisiún na Meán.

## Neamhspleáchas

Léirítear luach an Neamhspleáchais inár dtiomantas chun lucht saothair a chothú atá in ann smaointeoireacht chriticiúil agus muinín a léiriú agus cinntí á ndéanamh lena dtacaítear le sainchúram rialála Choimisiún na Meán. Tacaítear leis sin tríd an Straitéis i leith Daoine trí fhorbairt ghairmiúil agus foghlaim leanúnach a spreagadh, agus é á áirithiú go bhfuil an t eolas agus na scileanna is gá ag ár bhfostaithe chun a gcuid ról a oibriú go neamhspleách agus go héifeachtach. Cumhachtaímid ár muintir chun gníomhú le neamhspleáchas le linn ailíniú a choinneáil ar bun lenár gcuid cuspóirí eagraíochtúla.

## Misneach

Is éard atá i gceist le Misneach céimeanna ceannasacha a dhéanamh chun athrú agus nuálaíocht a spreagadh, ainneoin dúshlán fiú amháin. Lenár Straitéis i leith Daoine, cuimsítear an luach sin trí cheannaireacht agus bainistíocht athraithe a chur chun cinn mar phríomhthosaíochtaí. Gríosaímid ár gcuid ceannairí agus fostaithe chun bheith misniúil ina gcuid smaointeoireachta, chun glacadh le smaointe nua agus chun dúshlán a chur roimh an status quo nuair is gá. Leis an gcur chuige sin, áirithítear go leanann Coimisiún an Meán de bheith athléimneach, inoiriúnaithe agus fadbhreathnaitheach i dtírdhreach meán a bhíonn ag forbairt de shíor.

Mar achoimre, ní hamháin go bhfuil ár Straitéis i leith Daoine ailínithe le luachanna Choimisiún na Meán – tá sí ina léiriú orthu. Trí na luachanna sin a chomhtháthú i gcroílár ár straitéise, áirithímid gurb amhlaidh maidir lenár gcur chuige i leith bainistíocht daoine, nach amháin go dtacaítear lenár gcuid spriocanna eagraíochtúla a bhaint amach ach go neartaítear freisin an bhunchloch féin maidir lena bhfuil ionainn agus lena seasaimid mar eagraíocht.



# 6. Coimisiún na Meán – Ár Scéal Go Dtí Seo

## Ár nAistear agus ár nDul Chun Cinn ón mBunaíocht

Bunaíodh Coimisiún na Meán in 2023 faoin **Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022** lenár leasaíodh an tAcht Craolacháin 2009 agus lenar díscaoileadh Údarás Craolacháin na hÉireann (ÚCÉ). Bhí an claochlú suntasach sin ina thús de chaibidil nua do rialáil na meán in Éirinn, lena leathnaítear ár sainchúram chun feidhmeanna rialála nua agus casta a áireamh.

Tá cuspóir soiléir againn: **tírdhreach meán a rialáil, tacú leis, agus é a fhorbairt, rud a bheidh mar thaca faoi chearta bunúsacha agus a chothóidh sochaí oscailte, dhaonlathach agus iolraíoch.** Ag cur leis an mbunchloch a leag Údarás Craolacháin na hÉireann, d'fhorbair Coimisiún na Meán ina eagraíocht dhinimiciúil a dhéanann maoirseacht ar réimse leathan freagrachtaí:

- **Rialáil na craoltóireachta** in Éirinn, ar bhonn tráchtála agus pobail.
- **Creat rialála sábháilteachta cuimsitheach ar líne** a thabhairt isteach agus a mhaoirsiú.
- Maoirseacht a dhéanamh ar **chraoltóireacht teilifíse**, **seirbhísí closamhairc ar éileamh agus ardáin comhroinnte físeán** faoin Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (Treoir AVMS).
- Rialacháin an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme, lena n áirítear **an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha** agus **Rialachán an Aontais Eorpaigh maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne (TCOR).**

## Na Daoine ag Croílár ár nDul Chun Cinn

Le 18 mí anuas, d'fhás Coimisiún na Meán go tapa, lena léirítear raon ár sainchúraim agus an claochlú is gá chun dúshláin nua a chomhlíonadh. Rinneamar an méid seo a leanas:

- **Cheapamar cúigear Coimisinéirí**, a bhfuil duine acu ainmnithe mar an Cathaoirleach Feidhmiúcháin.
- **D'earcaíomar os cionn 200 comhalta foirne**, ag fás ó eagraíocht oidhreachta níos lú ina foireann bheoga, ildisciplíneach atá réidh chun ár misean a bhaint amach.

Tá ár muintir mar an fórsa tiomána taobh thiar den chlaochlú sin agus tá sí ar an gcumasóir is suntasaí dár Straitéis Eagraíochtúil. Trína cuid saineolais, tiomantais agus paisin, tá dul chun cinn as cuimse déanta againn, agus tionscnaimh ag a bhfuil tionchar á soláthar againn ar fud ár gcuid réimsí freagrachta uile.

## Ár nÉachtaí go dtí Seo

I dtréimhse ghearr, tá dul chun cinn den scoth déanta ag Coimisiún na Meán. Ar na príomh gharspriocanna áirítear:

**Rialáil na Sábháilteachta ar Líne agus Ardáin**

- **Creat comhlíontachta** a bhunú le haghaidh sábháilteacht ar líne.
- Tús a chur le maoirseacht ar ardáin ar líne agus idirghabhálaithe, lena n áirítear **athbhreithniú téamach ar Airteagail 12 agus 16** den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA).
- **Próiseas creidiúnúcháin** a sheoladh le haghaidh Comharthóirí Iontaofa.
- **Próiseas deimhniúcháin** a fhorbairt le haghaidh Comhlachtaí Réitigh Mhalartaigh Díospóidí, agus eagraíocht amháin deimhnithe go dtí seo.
- An **Cód Sábháilteachta Ar Líne** a fhoilsiú le haghaidh ardáin comhroinnte físeán ainmnithe agus **10 n ardán a ainmniú** faoin gcreat seo.

### Forbairt na Meán agus Oideachas

- **Ábhair oideachais le haghaidh meánscoileanna** a tháirgeadh chun feasacht sábháilteachta ar líne a fheabhsú.
- **Coiste Comhairleach don Ógra** a bhunú chun a áirithiú go ndéantar eolas dár gcur chuige i leith sábháilteacht ar líne trí ghlór na n óg.
- Ár **nIonad Comhairle** a sheoladh chun treoir agus tacaíocht a sholáthar ar fud príomhréimsí den rialáil.

### Craoltóireacht agus Meáin na Seirbhíse Poiblí

- **Dhá cheadúnas le haghaidh craoltóireacht pobail** agus **14 cheadúnas craoltóireachta tráchtála** a eisiúint chun tacú le hearnáil craoltóireachta bheoga na hÉireann.
- **€17.4 milliún** a sholáthar i maoiniú le haghaidh **170 tionscadal** faoin Scéim Fuaim agus Fís.
- **Dhá Athbhreithniú Bhliantúla ar Fheidhmíocht agus Maoiniú Poiblí craoltóirí seirbhíse poiblí** a chur i gcrích, agus comhairle chuig an Aire maidir le maoiniú ag gabháil leis sin.
- Próiseas nua oibríochtaithe a bhunú chun **gearáin chraoltóireachta a láimhseáil.**

### Tacú le Tionscnaimh Iriseoireachta agus Meán

- Iarratais a sheoladh le haghaidh **Scéimeanna Iriseoireachta** nua chun tacú le tuairisciú ar an daonlathas áitiúil agus tuairisciú cúirteanna.

### Cosnaímid Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht (ICÉI)

- Ár gcéad **straitéis ICÉI** a fhoilsiú, lena n athdhearbhaítear ár dtiomantas chun ionchuimsitheacht agus comhionannas a chothú laistigh de thírdhreach na meán.

### Garspriocanna Dlí agus Rialachais

- **Dhá athbhreithniú bhreithiúnacha** a chosaint go rathúil, agus ionracas ár gcinntí rialála á áirithiú.

## Straitéis i leith Daoine: Catalaíoch le haghaidh Fáis

Baineann scéal Choimisiún na Meán le claochlú, fás agus nuálaíocht, ach tá ár rath ag brath ar ár muintir. Tá ár gcumas chun an clár oibre uaillmhianach seo a bhaint amach – ag tacú le tírdhreach meán atá bisiúil, éagsúil, cruthaitheach agus iontaofa – ag brath ar chultúr san ionad oibre lena dtugtar tosaíocht d’ionchuimsitheacht, comhoibriú agus forbairt leanúnach.

Tá Athrú, ár gcéad Straitéis i leith Daoine, ina léiriú ar an ngealltanas sin. De réir mar a fhásaimid agus mar a fhorbraímid, leanaimid de bheith dírithe ar an méid seo a leanas:

- **Infheistiú inár muintir** chun tallann a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil lena léirítear éagsúlacht na sochaí dá bhfónaimid.
- **Cultúr a bhfuil gean ag daoine air a thógáil**, ina bhfuil an tsláinte, an fholláine agus an t aitheantas lárnach inár gcuid oibríochtaí.
- Na huirlisí, an cheannaireacht agus na deiseanna is gá a **thabhairt dár bhfoirne** chun bheith faoi bhláth i measc athrú.

Is insint chomhroinnte é sin – i measc ár muintire, ár gceannaireachta sinsearaí agus na heagraíochta trí chéile. I dteannta a chéile, tá cuid mhór bainte amach againn cheana féin, agus tríd an Straitéis i leith Daoine, áiritheoimid go leanfaidh ár lucht saothair den bhealach a réiteach de réir mar a bhainimid ár misean amach le haghaidh thírdhreach meán na hÉireann.

## Ag Breathnú chun Tosaigh

I gcaitheamh dhá bhliain thapa agus sin an méid, thóg Coimisiún na Meán bunchloch láidir le haghaidh sármhaitheas agus nuálaíocht rialála. De réir mar a aistrímid chun tosaigh, leanaimid dár gcuid spriocanna uaillmhianacha a bhaint amach, agus é á áirithiú againn go leanann ár muintir de bheith i gcroílár gach a ndéanaimid. I dteannta a chéile, spreagfaimid athrú fiúntach, agus leas iomlán á bhaint againn as ár n eagraíocht faoi mar a fhónaimid don phobal agus d'earnáil na meán a bhíonn ag forbairt de shíor.

15 Márta- 31 Nollaig 2023

# Fás ar líon na ndaoine +67%




1 Eanáir- 31 Nollaig 2024

# Fás ar líon na ndaoine +168%



## Struchtúr rannóige

| Maoirseacht ar Ardáin agus Imscrúduithe | Tírdhreach na Meán | Beartas, Taighde agus Straitéis |
|---|---|---|
| Maoirseacht ar Ardáin Mhóra 1 | Scéimeanna Maoiniúcháin | Taighde |
| Maoirseacht ar Ardáin Mhóra 2 | Forbairt na Meán | Cóid agus Rialacha |
| Maoirseacht ar Ardáin Mhóra 3 | Ceadúnú Craolacháin agus Físeán ar Éileamh | Leanaí agus Aosaigh Leochaileacha |
| Maoirseacht ar Ardáin Mhóra: Ardáin Eile | Meáin na Seirbhíse Poiblí | Sábháilteacht ar Líne agus Ábhar Mídhleathach |
| Oibríochtaí Rialála | Comhlíonadh agus Gearáin maidir le Craoltóireacht agus Físeán ar Éileamh | Daonlathas agus Cearta Bunúsacha |
| Gearáin ó Úsáideoirí | | |
| Imscrúduithe | | |

| Cumarsáid agus Tacaíocht d'Úsáideoirí | Corparáideach | Sonraí agus Teicneolaíocht | Dlí |
| --- | --- | --- | --- |
| Oideachas Úsáideoirí agus Litearthacht sna Meáin | Gnóthaí Idirnáisiúnta | Rialachas Sonraí | Seirbhísí Dlí – Dlíthíocht, Tírdhreach na Meán & Corparáid |
| Eispéireas Úsáideoirí agus an tIonad Comhairle | Rialachas | Léargas Teicneolaíochta | Seirbhísí Dlí – Maoirseacht ar Ardáin & Imscrúdú agus Sonraí & Teicneolaíocht |
| Cumarsáid | Maoiniú | Fóiréinsic Dhigiteach | Seirbhísí Dlí – Beartas, Taighde & Straitéis, Cumarsáid & Tacaíocht d'Úsáideoirí |
| | Rúnaíocht an Choimisiúin | TFC | |
| | Forbairt Daoine agus Eagraíochta | | |

# 7. Ailíniú Leis An Straitéis Um Chlaochlú Na Seirbhíse Poiblí 2030

Tá ár Straitéis i leith Daoine ailínithe go dlúth leis an straitéis reatha um chlaochlú na seirbhíse poiblí, ar a dtugtar an Creat um Chlaochlú na Seirbhíse Poiblí 2030. Fónann an creat sin, rud a tháinig i ndiaidh ár gcláir Ár Seirbhís Phoiblí 2020, mar threoirphlean le haghaidh athchóiriú straitéiseach laistigh den tSeirbhís Phoiblí, lena gcuirtear le héachtaí roimhe sin le linn cúrsa a rianú do dhul chun cinn amach anseo.

Agus í ailínithe le fís an Chreata um Chlaochlú na Seirbhíse Poiblí, tá sé d'aidhm ag ár Straitéis i leith Daoine rannchuidiú leis na spriocanna uileghabhálacha a bhaineann le Seirbhís Phoiblí atá ionchuimsitheach, ar ardchaighdeán agus comhtháite a chruthú lena bhfeabhsaítear beatha mhuintir na hÉireann. Go sonrach, ailíníonn ár straitéis leis na trí phríomhthéama den chreat:

- **Teicneolaíochtaí Digiteacha agus Nuálaíocht ar Scála:** Lenár Straitéis i leith Daoine, aithnítear an tábhacht a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha a ghiaráil agus nuálaíocht a chothú chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhíse agus éifeachtúlacht laistigh de Choimisiún na Meán.
- **Lucht Saothar agus Eagraíocht na Todhchaí:** Tuigimid an tábhacht a bhaineann le lucht saothair dinimiciúil agus inoiriúnaithe a chothú atá ullmhaithe chun freastal ar riachtanais ár n eagraíochta agus an phobail, riachtanais atá ag teacht chun cinn. Lenár straitéis, tugtar tosaíocht do thionscnaimh atá dírithe ar scileanna a fhorbairt, comhoibriú a chothú agus cultúr d'fheabhsú leanúnach a chur chun cinn.
- **Beartais agus Seirbhísí atá Bunaithe ar Fhianaise agus atá Deartha dár bPobal agus in Éineacht leis:** Lenár Straitéis i leith Daoine, cuirtear béim ar an tábhacht a bhaineann le cinnteoireacht atá bunaithe ar shonraí agus le bheith ag plé le páirtithe leasmhara chun beartais agus seirbhísí atá freagrúil do riachtanais an phobail a chomhdhearadh.

Trínár Straitéis i leith Daoine a ailíniú leis na téamaí a leagtar amach sa Chreat um Chlaochlú na Seirbhíse Poiblí, táimid tiomanta d'athrú fiúntach a spreagadh agus do rannchuidiú leis an gclár oibre um athchóiriú níos leithne de chuid na Seirbhíse Poiblí. Trí iarrachtaí comhoibríocha agus tionscnaimh straitéiseacha, féachaimid le Seirbhís Phoiblí atá níos éifeachtúla, níos nuálaí agus níos freagrúla a chruthú lena soláthraítear tairbhí inláimhsithe do mhuintir na hÉireann.



# 8. Rannpháirteachas Na Bpáirtithe Leasmhara

## Tábhacht Rannpháirteachas na bPáirtithe Leasmhara

Tá ríthábhacht le rannpháirteachas na bpáirtithe leasmhara chun go mbeidh rath ar an Straitéis i leith Daoine, agus é á áirithiú go ndéantar eolas di le peirspictíochtaí éagsúla, atá ailínithe le spriocanna eagraíochtúla agus lena léirítear ionchais níos leithne de chuid na sochaí. Trí chomhoibriú le páirtithe leasmhara, cuidítear le hiontaoibh a chothú, feabhsaítear cinnteoireacht agus spreagtar ailíniú le tosaíochtaí eagraíochtúla agus seachtracha. Áirithítear leis sin nach amháin go bhfuil an straitéis ina doiciméad teoiriciúil ach gur creat praiticiúil í freisin ag a bhfuil tionchar agus a bhfuil dáimh ag na páirtithe uile lena mbaineann leis agus lena bhfóntar dá leasanna uile.

## Príomhpháirtithe Leasmhara Inmheánacha

**An Coimisiún agus an Fhoireann Ardbhainistíochta:** Tá ríthábhacht le ceannach isteach ceannaireachta chun an straitéis a leabú i dtosaíochtaí eagraíochtúla, acmhainní a dhaingniú agus cuntasacht a spreagadh dá rath. Lena dtacaíocht áirithítear go bhfuil an straitéis ag ailíniú le fís agus spriocanna straitéiseacha Choimisiún na Meán.

**Fóram CARE:** Áirithíonn an t ardán seo maidir le rannpháirteachas fostaithe go léirítear riachtanais an lucht saothair, go gcuirtear ionchuimsitheacht chun cinn agus go neartaítear an nasc idir fostaithe agus cuspóirí eagraíochtúla.

**Páirtithe Leasmhara Caidrimh Thionsclaíoch:** Trí rannpháirteachas cuiditheach le ceardchumainn agus ionadaithe fostaithe, cothaítear iontaoibh, maolaítear cur i gcoinne agus éascaítear beartais agus tionscnaimh a chur chun feidhme ar bhealach níos rianúla.

**Ár bhFostaithe:** I gcroílár na Straitéise i leith Daoine, tá ár bhfostaithe mar an fórsa tiomána taobh thiar de rath eagraíochtúil. Tá a gcuid aiseolais, comhoibrithe agus tiomantais ríthábhachtach chun cultúr san ionad oibre atá ionchuimsitheach, nuálach agus tacúil a mhúnlú agus a choinneáil. Trí bheith ag plé le fostaithe ar gach leibhéal, áirithítear go n éistear lena nglór, go bhfuil meas ar a n-ionchuir agus go dtugtar tosaíocht dá bhfás gairmiúil, rud a fhágann gur féidir leo a bheith faoi bhláth agus éacht a dhéanamh ina róil.

## Príomhpháirtithe Leasmhara Seachtracha

**An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán:** Áirithíonn ár bpríomhchomhlacht maoirseachta ailíniú le tosaíochtaí rialtais agus daingníonn sé tacaíocht beartais.

**An Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (DPENDR):** Tá ríthábhacht léi chun ceadú a dhaingniú do sholáthar foirne, acmhainní agus cur chun feidhme beartais.

**Comhlachtaí Rialála an Aontais Eorpaigh:** Feabhsaíonn siad creidiúnacht, áirithíonn siad comhlíontacht le treoracha Eorpacha agus ailíníonn siad cur chuige Choimisiún na Meán le caighdeáin idirnáisiúnta.

**Comhlachtaí Rialála eile in Éirinn:** Le foghlaim chomhoibríoch agus tagarmharcáil, cuidítear lena áirithiú go bhfuil Coimisiún na Meán nuálach agus comhsheasmhach araon laistigh den tírdhreach rialála.

**Grúpaí Earnála Ábhartha:** Trí chomhoibriú le heagraíochtaí earnála, comhlachtaí tionscail agus comhlachais ghairmiúla, soláthraítear léargas luachmhar agus cothaítear ailíniú le dea chleachtais. Trí bheith ag plé leis na grúpaí sin, áirithítear go leanann Coimisiún na Meán de bheith freagrúil do threochtaí an lucht saothair, riachtanais forbartha scileanna agus dúshláin atá ag teacht chun cinn laistigh den tírdhreach rialála agus meán.

**An tSochaí Shibhialta:** Trí bheith ag plé le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, neartaítear cumas Choimisiún na Meán chun leanúint de bheith freagrúil d’ábhair imní an phobail, ionchuimsitheacht a chothú agus iontaoibh a chothú. Tríd an gcomhoibriú sin, áirithítear go mbreithnítear peirspictíochtaí pobal éagsúil, ag tacú lenár misean chun taca a chur faoi chearta bunúsacha agus sochaí dhaonlathach agus iolraíoch a chur chun cinn.

## An Fáth a bhFuil Tábhacht le Príomhpháirtithe Leasmhara Seachtracha a Shainaithint

Trí pháirtithe leasmhara seachtracha a shainaithint go réamhghníomhach, áirithítear gurb amhlaidh leis an straitéis a thagtar roimh chomhthéacsanna socheacnamaíocha agus reachtacha níos leithne agus a dhéantar iad a chomhtháthú. Trí pháirt a thabhairt do pháirtithe leasmhara seachtracha, cothaítear comhoibriú, neartaítear cáil Choimisiún na Meán agus ailínítear a straitéis i leith daoine le tosaíochtaí náisiúnta agus tosaíochtaí de chuid an Aontais Eorpaigh. Mar shampla, trí chomhpháirtíochtaí le comhlachtaí rialála eile nó contrapháirteanna de chuid an Aontais Eorpaigh, is féidir foghlaim a fheabhsú, agus maidir le rannpháirteachas le ranna rialtais, áirithítear rochtain ar na hacmhainní agus ar an tacaíocht beartais is gá.

Trí rannpháirteachas páirtithe leasmhara a leabú sa Straitéis i leith Daoine, áirithíonn Coimisiún na Meán nach amháin go bhfuil a chreat inghníomhaithe agus ábhartha, ach go dtacaíonn na daoine sin atá lárnach ina rath leis freisin. Leis an gcur chuige sin, cuirtear chun cinn fís chomhroinnte agus cuntasacht chomhpháirteach chun sármhaitheas eagraíochtúil a bhaint amach.

# 9. An Creat 3 Bliana Maidir Leis An Straitéis I Leith Daoine

Rinneadh an Creat 3 Bliana maidir leis an Straitéis i leith Daoine chun bheith mar thaca faoinár straitéis eagraíochtúil agus chun í a neartú, agus é á áirithiú go bhfuil ár muintir lárnach chun ár spriocanna a bhaint amach.

Fónann sé mar bhunchloch ár gcur chuige eagraíochtúil, lena gcuirtear in iúl go soiléir ár dtiomantas daingean dár muintir agus don chultúr ríthábhachtach lena bhfuil gá chun sármhaitheas agus nuálaíocht a spreagadh ar fud gach réimse dár n oibríochtaí.

Leis an straitéis seo, leagtar amach an meas atá ag an gCoimisiún dá lucht saothair agus an tacaíocht a thugann sé dó, agus é ag féachaint le timpeallacht a chruthú inar féidir le gach duine a dhícheall nó a dícheall a dhéanamh.

Chun a áirithiú go gcuirfear an Straitéis i leith Daoine chun feidhme go héifeachtach, glacfar cur chuige struchtúrtha, agus sraith pleananna gníomhaíochta bliantúla mar thaca faoi lena gclúdaítear an tréimhse trí bliana. Fónfaidh na pleananna gníomhaíochta sin, a thosóidh in 2025, mar threochláir dhinimiciúla, rudaí a fhorbraíonn go leanúnach chun oiriúnú do thírdhreach athraitheach na heagraíochta agus don timpeallacht sheachtrach. Beidh gach plean gníomhaíochta sofhreagrúil agus freagrúil, agus déanfar eolas dó le próisis athbhreithniúcháin leanúnacha agus léargas atá bunaithe ar shonraí, lenar féidir coigeartuithe gasta a dhéanamh mar fhreagairt ar riachtanais agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn. Áiritheofar leis an gcur chuige atriallach sin go leanann an Straitéis i leith Daoine de bheith ábhartha agus go mbeidh tionchar aici, agus torthaí dearfacha á spreagadh aici don eagraíocht agus dá fostaithe araon.

## Rialachas Agus Cuntasacht

Táimid tiomanta do rialachas agus cuntasacht láidir, agus déanaimid de réir na gcaighdeán is airde atá leagtha síos ag an gCoimisiún agus ag ár bhfostaithe. Chun trédhearcacht agus éifeachtacht a áirithiú, forbraímid sraith pleananna gníomhaíochta bliantúla ar feadh na tréimhse trí bliana den straitéis seo.

Beidh ár gcuid spriocanna, cuspóirí agus a dtionchair sainithe go soiléir, agus soláthróimid nuashonruithe ráithiúla ar ár ndul chun cinn. Cuirfear na nuashonruithe sin faoi bhráid an Choimisiúin agus foilseofar iad ar ár nArdán i leith Daoine le haghaidh trédhearcacht iomlán.

Beimid freagrach dár bhfóram fostaithe agus dár nGrúpa Comhairleach, agus lorgóimid aiseolas agus ionchur go gníomhach ónár gcuid fostaithe gach bliain de réir mar a fhorbraímid gach plean gníomhaíochta. Déanfar athbhreithniú mion ar ár bhfeidhmíocht in aghaidh na spriocanna agus na gcuspóirí sin, ceisteofar iad go mion agus déanfar machnamh mion orthu, agus úsáid á baint as léargas atá bunaithe ar shonraí chun an tionchar ar ár gcuid cuspóirí straitéiseacha eagraíochtúla a thomhas.

Tríd an tiomantas sin do rialachas agus cuntasacht, féachfaimid le cultúr d'fheabhsú leanúnach agus sármhaitheas marthanach a chothú.

## An Straitéis I Leith Daoine – Fís:

Tá an Straitéis i leith Daoine lárnach d'fhís Choimisiún na Meán maidir le tírdhreach meán atá bisiúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chothú. Soláthraítear creat léi chun a chumhachtú dár muintir a bheith rathúil agus bisiúil in ionad oibre atá bunaithe ar luachanna, atá ionchuimsitheach agus atá nuálach.

Agus ár gcroíluachanna – Iontaoibh, Tionchar, Neamhspleáchas, Misneach, Dírithe ar Dhaoine, agus Ionracas – mar threoir ag an straitéis, is amhlaidh sa straitéis a shuitear an fheidhm a bhaineann le Forbairt Daoine agus Eagraíochta (FDE) mar

chumasóir iontaofa ratha, lena múnlaítear cultúr ina mothaíonn fostaithe go bhfuil meas orthu agus go bhfuil tacaíocht agus spreagadh á bhfáil acu.

I measc fás agus claochlú suntasach, ullmhaítear Coimisiún na Meán leis an straitéis chun a bhealach a dhéanamh trí athrú, tallann a mhealladh agus a fhorbairt agus cumas ceannaireachta a chothú. Tríd an straitéis, déantar ár dtionscnaimh atá dírithe ar dhaoine a ailíniú le tosaíochtaí eagraíochtúla, agus é á áirithiú léi go léirítear éagsúlacht bheoga agus chruthaitheach na sochaí dá bhfónaimid.

Trí fholláine, comhoibriú agus fás gairmiúil a chothú, leis an Straitéis i leith Daoine, áirithítear go bhfuil ár lucht saothair aontaithe chun ár misean a bhaint amach chun tírdhreach meán a rialáil, chun tacú leis agus chun é a fhorbairt lena seastar le cearta bunúsacha agus lena gcothaítear sochaí oscailte, dhaonlathach.

## An Straitéis I Leith Daoine – Misean:

Táimid tiomanta d'ionad oibre a thógáil agus a choinneáil atá forásach, ionchuimsitheach agus nuálach ina gcumhachtaítear ár muintir chun bheith faoi bhláth agus ailíniú le misean Choimisiún na Meán chun tírdhreach meán a rialáil, chun tacú leis agus chun é a fhorbairt, rud atá mar thaca faoi chearta bunúsacha agus a chothaíonn sochaí oscailte, dhaonlathach agus iolraíoch.

Lenár Straitéis i leith Daoine, tugtar tosaíocht do thimpeallacht thacúil atá bunaithe ar luachanna ina mothaíonn gach duine aonair go bhfuil meas air nó uirthi, go n éistear leis nó léi agus go bhfuil sé nó sí ullmhaithe chun rannchuidiú ar bhealach fiúntach. Trí aghaidh a thabhairt go gníomhach ar riachtanais ár bhfostaithe agus an phobail dá bhfónaimid, cothaímid cultúr sármhaitheasa lena bhfeabhsaítear ár gcumas chun freagrachtaí rialála agus forbarthacha a chomhlíonadh le hionracas agus tionchar.

Tríd an misean sin, áirithímid go bhfuil ár lucht saothair aontaithe ina chuspóir agus réidh chun rath a spreagadh i dtírdhreach meán atá ag teacht chun cinn agus atá dinimiciúil.

## Spreagthaigh Na Straitéise I Leith Daoine

Tá dhá spreagthach mar thaca ag ár straitéis: ár dtiomantas d'ionad oibre éagsúil agus ionchuimsitheach agus an t eispéireas fostaithe a fheabhsú. Tá ríthábhacht leis na spreagthaigh sin chun nuálaíocht agus cruthaitheacht a spreagadh agus lucht saothair ardoilte a mhealladh agus a choinneáil.

**Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht (CÉI):**
Is éard atá i gcroílár ár Straitéise i leith Daoine ná Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht (CÉI), rud a fhónann do bhunchloch dár bhfís chun tallann eisceachtúil a mhealladh, chun tacú léi agus chun í a choinneáil. Inár gcáil mar eagraíocht atá bunaithe ar luachanna, aithnímid nach amháin go bhfuil sé lárnach dár misean ionad oibre ionchuimsitheach agus cothromasach a thógáil – tá sé ríthábhachtach chun foireann bhisiúil, ghníomhach agus ardfheidhmíochta a chothú. Le haghaidh Choimisiún na Meán, ní hamháin gur ceart CÉI a dhéanamh, is cliste sin. A bhuí le hionad oibre atá fíor ionchuimsitheach, gintear nuálaíocht, cothaítear comhoibriú agus feabhsaítear ár gcumas chun tionchar dearfach a imirt ar an domhan.

Tá straitéis CÉI thiomnaithe ina príomhtháirge insoláthartha den Straitéis i leith Daoine. Áiritheofar leis sin go mbeidh prionsabail CÉI leabaithe ar fud na ngnéithe uile den bhealach a oibrímid – idir earcaíocht agus ionduchtú agus forbairt ceannaireachta agus rannpháirteachas na foirne. Trí thosaíocht a thabhairt do CÉI anois, réitímid an bealach do thodhchaí inarb amhlaidh nach bhfuil an ionchuimsitheacht agus an muintearas ina dtionscnaimh, ach gur gnáthchleachtas iad.

Beidh ár gcur chuige de chineál toiliúil agus beidh sé bunaithe ar shonraí. Beidh sé dírithe ar athrú fiúntach agus marthanach a chruthú, ar an ionchuimsitheacht a leabú i ngach gné dár gcleachtais i leith daoine agus ar ionad oibre a chothú ina mothaíonn gach duine go bhfuil meas air nó uirthi, go síltear a mhór dó nó di agus go bhfuil sé nó sí cumhachtaithe chun a dhícheall nó a dícheall a dhéanamh. Ciallaíonn sé sin éisteacht lenár muintir, foghlaim ó dhea chleachtais agus tionscnaimh

spriocdhírithe a chruthú, rudaí atá ailínithe lenár spriocanna eagraíochtúla le linn freagairt do riachtanais ár dtionscail agus na sochaí atá ag teacht chun cinn.

Nuair a dhéanaimid CÉI a ionchorprú inár Straitéis i leith Daoine, ní hamháin go mbaineann sin le héagsúlacht an domhain dá bhfónaimid a léiriú – baineann sé lenár n eagraíocht a ullmhú chun bheith faoi bhláth ann. Trí chultúr ionchuimsitheachta a chothú, neartaímid ár gcumas chun bheith nuálach, comhoibriú agus rath inmharthana a bhaint amach, agus é á áirithiú go mbeidh Coimisiún na Meán ina áit ina mothaíonn daoine go bhfuil siad sa bhaile, dáiríre, agus ina bhfásann siad mar dhaoine.

**Eispéireas Fostaithe:**
Tá an t eispéireas fostaithe i gcroílár rath ár n eagraíochta. Sainítear leis sin an bealach a meallaimid, a spreagaimid agus a gcoinnímid daoine aonair tréitheacha a thiomáineann ár misean chun tosaigh. Ag Coimisiún na Meán, táimid tiomanta d’eispéireas fostaithe a chruthú nach bhfuil dearfach, agus sin an méid, ach atá claochlaitheach freisin – ionad oibre ina mothaíonn daoine fuinniúil, tacaithe agus spreagtha chun barr a gcumais a bhaint amach.

Tá an tiomantas sin fréamhaithe i dtosaíocht a thabhairt d’fholláine fhadtéarmach ár muintire, agus é á aithint go bhfuil lucht saothair bisiúil, gníomhach ar an tsócmhainn is luachmhaire dár gcuid. Trí dhíriú ar fhás, sláinte agus braistint muintearais ár muintire, bainimid leas as cruthaitheacht, nuálaíocht agus tionchar thar na bearta. Ní “deas an rud é” eispéireas fostaithe iontach a bheith ann – is é sin atá mar bhunchloch dár rath.

Soláthróimid obair fhiúntach atá ina spreagadh do chuspóir, rud a chumhachtaíonn ceannaireacht lena gcothaítear iontaoibh, agus cultúr aitheantais ina léirítear meas ar gach ionchur. Ní hé go bhfuil deiseanna fáis ina dtairiscint agus sin an méid; gealltanas atá iontu infheistiú inár muintir, agus é á áirithiú go bhfuil na huirlisí agus na conairí aici chun bheith rathúil. Trí bheith ag éisteacht go gníomhach le riachtanais ár bhfoirne atá ag teacht chun cinn, trí bheith ag plé leo agus trí bheith ag oiriúnú dóibh, cruthóimid ionad oibre atá de chineál saibhriúcháin agus seasmhach.

# 10. Tosaíochtaí Na Straitéise I Leith Daoine

## Tallann agus Cumas

"Ag Infheistiú i nDaoine agus i bhFoirne"

### Fís

An tallann is fearr a shainaithint, a mhealladh agus a choinneáil trí eispéireas iarrthóirí agus fostaithe eisceachtúil a chruthú, tosaíocht a thabhairt d'fhoghlaim agus forbairt chun a áirithiú go mbeidh an cumas agus an acmhainneacht againn ár gcuid cuspóirí a bhaint amach.

### Conas a dhéanfaimid sin?

- Earcaíocht Dhian: Daoine a earcú agus úsáid á baint as modhanna roghnúcháin diana, cothroma agus gairmiúla.
- Oiriúint Róil a Fheabhsú: Cumais, inniúlacht agus scileanna iarrthóirí a oiriúnú do na róil iomchuí.
- Ionduchtú Tacúil agus Tacaíocht Ghairme: Ionduchtú cuimsitheach agus tacaíocht ghairme leanúnach a sholáthar chun an tús is fearr is féidir a thabhairt do dhaoine.
- Forbairt Leanúnach: Scileanna pearsanta agus gairmiúla a fhorbairt, ar feadh ghairmeacha na bhfostaithe, agus tacaíocht á soláthar dóibh chun cuidiú leo barr a gcumais a bhaint amach agus a gcuid féin a dhéanamh dá dtodhchaí.
- Aitheantas agus Dul Chun Cinn Gairme: Éachtaí a aithint agus bealaí struchtúrtha a sholáthar le haghaidh dul chun cinn gairme.
- Pleanáil an Lucht Saothair: Úsáid a bhaint as pleanáil lucht saothair fhianaisebhunaithe chun lucht saothair inbhuanaithe a thógáil, lucht saothair atá in ann freastal ar riachtanais seirbhíse amach anseo.
- future service needs.

#### Mar dhaoine aonair, táimid uile ceaptha

Plé go réamhghníomhach le riachtanais ár bhfoirne a phleanáil agus tacú le cáil Choimisiún na Meán mar roghfhostóir.

Páirt a ghlacadh go gníomhach in earcaíocht, ionduchtú agus meantóireacht chun timpeallacht thacúil agus ionchuimsitheach a chothú.

Úinéireacht a ghlacadh ar ár bhforbairt phearsanta agus ghairmiúil, agus deiseanna fáis agus foghlama á dtapú.

#### Ionas gur féidir linn uile

A bheith faoi bhláth i bhfoirne ag a bhfuil lear acmhainní agus tairbhiú de shaineolas agus peirspictíochtaí éagsúla.

Fás leanúnach agus tacaíocht ó cheannairí agus comhghleacaithe éifeachtacha a bhrath.

Oibriú i dtimpeallacht ina ndéantar ceiliúradh ar éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus sármhaitheas ghairmiúil.

#### Ionas gur féidir leis an gCoimisiún

An tallann is fearr a mhealladh agus a choinneáil go muiníneach, agus lucht saothair éagsúil agus cumasach á áirithiú.

Cáil sármhaitheasa a chothú i mbainistíocht daoine agus ceannaireacht.

A spriocanna straitéiseacha a bhaint amach trí lucht saothair oilte, cumhachtaithe agus tiomanta.

# Ceannaireacht agus Athrú

"Ag Treorú in Éineacht a Chéile Trí Athrú"

## Fís:

Oibríonn ceannairí le chéile chun cuspóir comhroinnte a bhaint amach, cultúr comhbhách agus atruach a chruthú, tallann a chothú agus nuálaíocht agus sármhaitheas a spreagadh.

## Conas a dhéanfaimid sin?

- Ceannairí Inniúla a Fhorbairt: A áirithiú go mbeidh ceannairí cumasacha againn atá in ann ár bhfosaithe a threorú go héifeachtach.
- Tionscadail Phaisin a Spreagadh: An fhoireann a spreagadh chun glacadh le tionscadail nua faoina bhfuil sí paiseanta agus an nuálaíocht agus an rannpháirteachas á gcothú.
- Comhoibriú a Éascú: Comhoibriú éifeachtach a chur chun cinn i measc ceannairí agus fostaithe ar gach leibhéal.
- Cinnteoireacht Éifeachtach a Chumasú: A chumhachtú do cheannairí cinntí eolasacha, lena n imrítear tionchar, a dhéanamh.
- Athléimneacht a Chothú: Athléimneacht a neartú i measc ceannairí agus fostaithe chun gur féidir leo a mbealach a dhéanamh trí dhúshláin agus athrú.

| Mar dhaoine aonair, táimid uile ceaptha | Ionas gur féidir linn uile | So An Coimisiún can |
|---|---|---|
| Deiseanna a thapú chun ár scileanna ceannaireachta a fheabhsú agus glacadh le cleachtais oibre chomhoibríocha, ómósacha | Tairbhiú de cheannaireacht láidir, éifeachtach lena spreagtar agus lena dtreoraítear muid. | A bhealach a dhéanamh trí athrú le muinín, agus ceannairí cumasacha agus lucht saothair athléimneach mar thaca aige. |
| Cinntí eolasacha, lena n-imrítear tionchar a dhéanamh, lena dtiomáintear an eagraíocht ar aghaidh. | Cultúr oibre atá athléimneach agus inoiriúnaithe a chothú, rud atá faoi bhláth a bhuí le rath comhchoiteann agus feabhsú leanúnach. | Cultúr dinimiciúil, nuálach a chothú lena dtacaítear lena fhís agus lena spriocanna fadtéarmacha. |
| Athléimneacht a chothú trí úsáid a bhaint as na hacmhainní agus na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil, agus é á áirithiú go ndéanaimid ár mbealach trí athrú ar bhealach éifeachtach. | Cumais cheannaireachta a fhorbairt do róil reatha agus fás gairme amach anseo. | Cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach trí chinnteoireacht eolasach éifeachtach. |

# Cultúr agus Luachanna

"Cultúr a bhfuil meas ag daoine air a thógáil"

## Fís

Ár spriocanna a shainiú chun cultúr a chruthú ina dtacaímid le chéile, ina gcosnaímid nuálaíocht, ina dtugaimid tosaíocht don saoránach agus ina ndéanaimid ceiliúradh ar rath aonair agus eagraíochtúil araon.

## Conas a dhéanfaimid sin?

- An tSláinte agus an Fholláine a Chur Chun Cinn: Timpeallacht a sholáthar ina gcuirtear an tsláinte agus an fholláine chun cinn go gníomhach, agus ina mothaíonn daoine go bhfuil siad gníomhach agus go bhfuil meas orthu mar gheall ar a n ionchuir.
- Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht a Chosaint: Cultúr a chruthú ina mothaíonn gach duine aonair braistint muintearais agus ina gcumhachtaítear é nó í chun barr a chumais nó a cumais a bhaint amach.
- Glór Fostaithe a Fheabhsú: Éisteacht lenár bhfoireann trí rannpháirteachas lena bhfuil cuspóir agus tionchar na foirne a mhéadú trína glór a neartú.
- Caidrimh san Ionad Oibre a Chothú: Deiseanna a chruthú don fhoireann chun caidrimh agus naisc láidre a thógáil san ionad oibre.
- Aitheantas agus Aiseolas a Leabú: Aitheantas agus aiseolas rialta a chur chun feidhme ar gach leibhéal chun cultúr aitheantais a chothú ar fud na heagraíochta.
- Croíluachanna a Chur in Iúl agus a Leabú: Croíluachanna na heagraíochta a chur in iúl agus a leabú go comhsheasmhach sna gnéithe uile dá n oibríochtaí.

### Mar dhaoine aonair, táimid uile ceaptha

Ár luachanna eagraíochtúla a chuimsiú i ngach gníomhaíocht, agus meas, ionchuimsitheacht agus buíochas á gcothú.

Plé go gníomhach i dtionscnaimh folláine agus rannchuidiú le timpeallacht oibre atá dearfach agus tacúil.

Páirt a ghlacadh in imeachtaí rannpháirteachais agus deiseanna aiseolais chun cuidiú le cultúr ár n-ionaid oibre a mhúnlú agus a fheabhsú.

### Ionas gur féidir linn uile

A bheith faoi bhláth i gcultúr éagsúil, ionchuimsitheach ina léirítear meas ar gach duine aonair agus ina dtacaítear leis nó léi.

A bhrath go n-aithnítear ár n-ionchuir agus go bhfuil meas orthu, lena ndéantar meanma agus rannpháirteachas a ardú.

Taitneamh a bhaint as ionad oibre lena dtugtar tosaíocht d'fholláine mheabhrach agus fhisiciúil, agus é á áirithiú go ndéanaimid ár ndícheall.

### Ionas gur féidir leis an gCoimisiún

A léiriú go bhfuil sé tiomanta dá luachanna a bhaint amach agus cáil láidir dhearfach a chothú.

Tairbhiú d'ionad oibre éagsúil agus ionchuimsitheach lena dtiomáintear nuálaíocht agus sármhaitheas.

Cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach trí fhoireann spreagtha, ghníomhach dá dtugtar an-tacaíocht.

## Seirbhísí Gairmiúla do Dhaoine

"Straitéisbhunaithe, dírithe ar dhaoine"

### Fís

Díriú ar dhaoine agus caidrimh trí sheirbhísí freagrúla agus inniúla i leith daoine a sholáthar, seirbhísí atá ailínithe go straitéiseach le tosaíochtaí eagraíochtúla.

### Conas a dhéanfaimid sin?

- Tallann Daoine a Mhealladh agus a Fhorbairt: An tallann is fearr a mhealladh agus ár bhfoireann Forbartha Daoine agus Eagraíochta (FDE) a bhainistiú le haghaidh ardfheidhmíochta.
- Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí a Chothú: Caidrimh láidre a thógáil agus spriocanna FDE a ailíniú le cuspóirí gnó.
- An Teicneolaíocht agus an Lúfaireacht a Bharrfheabhsú: Próisis FDE a chuíchóiriú leis an teicneolaíocht agus struchtúr foirne lúfar a chur chun feidhme.
- Pleanáil Straitéiseach agus Ailíniú: A áirithiú go dtugtar tacaíocht do thosaíochtaí le tionscnaimh FDE agus go bhfuil siad ailínithe le spriocanna gnó.
- Cinnteoireacht atá Bunaithe ar Shonraí: Úsáid a bhaint as léargas sonraí le haghaidh cinntí agus acmhainní a bharrfheabhsú trí anailís.
- Cleachtais Nuálacha agus Inoiriúnaithe: Cruthaitheacht a spreagadh agus cleachtais FDE inoiriúnaithe a chur chun feidhme le haghaidh riachtanais atá ag teacht chun cinn.

#### Mar dhaoine aonair, táimid uile ceaptha

Córais AD nua a ghlacadh agus a úsáid chun tacú le cultúr digiteach.

Ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla, ag cloí le beartais agus ionad oibre comhoibríoch agus eolasach á chothú.

Tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus ár riachtanais a chur in iúl le haghaidh tacaíocht shaincheaptha.

#### Ionas gur féidir linn uile

Taithí a fháil ar phróisis AD chuíchóirithe, agus cúraimí riaracháin á laghdú agus feabhas á chur ar éifeachtúlacht.

Rochtain a fháil ar eolas cruinn fíor-ama le haghaidh cinnteoireacht agus pleanáil níos fearr.

Ionad oibre tacúil cothromasach a theachtadh ina bhfuil meas ar chearta agus freagrachtaí gach duine.

#### Ionas gur féidir leis an gCoimisiún

Feabhas a chur ar éifeachtúlacht oibríochtúil agus díriú ar thionscnaimh straitéiseacha trí phróisis chuíchóirithe.

Cinntí eolasacha atá bunaithe ar shonraí a dhéanamh chun tacú le bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar dhaoine agus le fás.

Cultúr nuálaíochta agus feabhsaithe leanúnaigh a chothú, agus rath fadtéarmach á thiomáint.

# Déan Teagmháil Linn

**Coimisiún na Meán**
**1 Áras Shíol Bhroinn,**
**Bóthar Shíol Bhroinn,**
**Baile Átha Cliath 4,**
**D04 NP20,**
**Éire.**
**Ríomhphost**: info@cnam.ie
**Suíomh gréasáin**: www.cnam.ie